Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Meitheamh 2023
(OR. en)

10134/23

FISC 113
ECOFIN 557

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-tuarascáil ó Ecofin chuig an gComhairle Eorpach maidir le saincheisteanna cánach<br>- Formheas |

1. Iarradh ar Chomhairle Ecofin tuarascáil a thabhairt don Chomhairle Eorpach maidir le saincheisteanna éagsúla cánach mar a luadh, go háirithe sna conclúidí uaithi ó mhí an Mhárta agus ó mhí an Mheithimh 2012, mí na Bealtaine 2013, mí na Nollaig 2014 agus Deireadh Fómhair 2017.

2. D'ullmhaigh agus d'fhormhuinigh an Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Ardleibhéal) dréacht-tuarascáil ó Ecofin chuig an gComhairle Eorpach maidir le saincheisteanna cánach an 1 Meitheamh 2023 lena cur faoi bhráid na Comhairle an 16 Meitheamh 2023, trí Coreper. Comhaontaíodh freisin go ndéanfadh an Ardrúnaíocht na gnáth nuashonruithe fíorasacha (codanna idir lúibíní cearnacha) tar éis chruinniú na Comhairle sula n-eiseofaí an leagan deiridh den tuarascáil.

3. Dá bhrí sin, iarrtar ar an gComhairle (Ecofin) an tuarascáil mar a leagtar amach san Iarscríbhinn í a fhormheas mar mhír 'A' ar a clár oibre, d'fhonn í a tharchur chuig an gComhairle Eorpach (29-30 Meitheamh 2023).

**IARSCRÍBHINN**

## DRÉACHT-TUARASCÁIL Ó ECOFIN CHUIG AN gCOMHAIRLE EORPACH MAIDIR LE SAINCHEISTEANNA CÁNACH

### A. RÉAMHRÁ

1. Tugtar forléargas sa tuarascáil seo ón gComhairle ar an dul chun cinn a rinneadh sa Chomhairle le linn thréimhse Uachtaránacht na Sualainne, chomh maith le forléargas ar an staid mar atá i ndáil leis na sainchomhaid is tábhachtaí atá faoi chaibidil i réimse an chánachais. Ullmhaíodh í ar bhonn an phlé a rinneadh sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Ardleibhéal) lena gcumhdaítear saincheisteanna beartais chothrománacha cánach atá ábhartha ar bhonn straitéiseach, i gcomhréir lena sainordú.

2. Léirítear sa tuarascáil seo an dul chun cinn atá déanta i ndáil le hobair ábhartha na Comhairle agus cumhdaítear inti na saincheisteanna a luaitear i gconclúidí éagsúla ón gComhairle Eorpach ó 2012 i leith[1], an ráiteas ó Chomhaltaí na Comhairle Eorpaí an 25 Márta 2021[2], Conclúidí 2012[3] agus 2016[4] ón gComhairle i réimse CBL, na Conclúidí 2017 ón gComhairle maidir le 'Freagairt do dhúshláin chánachais ar bhrabúis an gheilleagair dhigitigh'[5], na Conclúidí 2020 ón gComhairle maidir le forbairt an chomhair riaracháin amach anseo i réimse an chánachais san Aontas Eorpach[6], mar aon leis na conclúidí ón gComhairle an 27 Samhain 2020 maidir le cánachas cothrom agus éifeachtach i dtráth an téarnaimh, dúshláin chánach a ghabhann leis an digiteáil agus dea-rialachas cánach san Aontas agus níos faide i gcéin[7].

[1] EUCO 4/3/12 REV 3 (pointí 9 agus 21), EUCO 76/12, EUCO 75/1/13 REV 1, EUCO 14/17 (pointe 11), EUCO 10/20 (pointí A29 agus 147) agus EUCO 13/20.
[2] 18/21.
[3] 9586/12.
[4] 9494/16.
[5] 15175/17.
[6] 8482/20.
[7] 13350/20.

3. Lean Uachtaránacht na Sualainne den obair ar na príomhchomhaid, lena n-áirítear an leasú ar an Treoir maidir le comhar riaracháin chun críocha cánach, na tograí a chuimsítear sa phacáiste 'CBL sa Ré Dhigiteach', an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, an nuashonrú ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críocha cánach, chomh maith leis an togra le haghaidh Treoir chun cosc a chur ar mhí-úsáid eintiteas caoch chun críocha cánach.

4. Go sonrach, rinne an Chomhairle an méid seo a leanas:

a) tháinig sí ar chur chuige ginearálta maidir leis an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/16/AE (DAC8);

b) agus rinne sí dul chun cinn ar na tograí seo a leanas:

– na tograí a chuimsítear sa phacáiste 'CBL sa Ré Dhigiteach';

– an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Aontais le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (athmhúnlú); agus

– an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid eintiteas caoch chun críoch cánach a chosc.

5. Lean an Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) freisin dá cuid oibre maidir leis na hábhair éagsúla a thagann faoina sainordú reatha, lena n-áirítear maidir le liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach, mar a leagtar amach sa tuarascáil sé mhí uaithi[8]. Thug an Chomhairle liosta an Aontais cothrom le dáta an uair dheireanach an 14 Feabhra 2023[9].

6. Tá eolas níos mionsonraithe faoi chomhaid aonair ar fáil thíos.

---

[8] 9875/23 ADD 1-5.
[9] IO C 64, 21.2.2023, lch. 17.

## B. REACHTAÍOCHT CHÁNACH AN AONTAIS

### 1) Cánachas Díreach

*Mí-úsáid eintiteas caoch*

7. An 22 Nollaig 2021, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid eintiteas caoch chun críoch cánach a chosc agus lena leasaítear Treoir 2011/16/AE (an togra maidir le mí-úsáid eintiteas caoch)[10].

8. Is é cuspóir an togra seachaint cánach agus imghabháil cánach a chosc trí ghníomhaíochtaí arna ndéanamh ag gnóthais nach bhfuil tábhacht íosta acu, agus feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú. Is é is aidhm don togra dul i ngleic le mí-úsáid eintiteas caoch chun críoch cánach míchuí agus a áirithiú nach bhféadfaidh cuideachtaí caocha san Aontas nach bhfuil aon ghníomhaíocht eacnamaíoch acu nó a bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch íosta acu tairbhe a bhaint as buntáistí cánach.

9. An 6 Eanáir 2022, sa Mheitheal Ardleibhéil, cuireadh an togra faoi bhráid na dtoscaireachtaí agus d'fhógair Uachtaránacht na Fraince go raibh sé ar intinn aici tús a chur leis an bplé sa Chomhairle maidir leis an gcomhad sin. Rinneadh an anailís theicniúil ar an togra sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Cánachas Díreach) an 11 Márta, an 1 Aibreán, an 6 Bealtaine, an 23 Bealtaine agus an 9 Meitheamh 2022. Tugadh an chéad bhabhta den scrúdú ar an togra, airteagal ar airteagal, chun críche an 23 Bealtaine.

10. Faoi Uachtaránacht na Seicia, leanadh den anailís theicniúil sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach an 11 Iúil, an 27 Meán Fómhair agus an 22 Samhain 2022. Rinneadh dul chun cinn maidir leis an mbealach chun cinn a fhiosrú i ndáil le hiarmhairtí cánach agus tíolacadh téacsanna comhréitigh maidir le codanna den togra, ar nós eintitis nach bhfuil substaint íosta acu a shainaithint chomh maith le faisnéis a mhalartú. I bprionsabal, thacaigh formhór na dtoscaireachtaí le cuspóirí an togra, ach bhí siad den tuairim go mbeidh gá le tuilleadh obair theicniúil thábhachtach sula bhféadfaí teacht ar chomhaontú.

[10] 15296/21.

11. Faoi Uachtaránacht na Sualainne, pléadh an comhad sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach an 22 Eanáir, an 21 Feabhra agus an 22 Márta 2023, agus sa Mheitheal Ardleibhéil an 25 Aibreán 2023. Ba é cuspóir na hUachtaránachta an oiread dul chun cinn agus is féidir a dhéanamh maidir leis an gcomhad sin, ag díriú, inter alia, ar chritéir bheachta substainte agus ar iarmhairtí cánach a aimsiú. D'ullmhaigh an Uachtaránacht téacsanna comhréitigh páirteacha agus nótaí cúlra maidir le gnéithe éagsúla den dréacht-Treoir, lena n-áirítear amlíne maidir le spriocdhátaí don tuairisciú, chomh maith le téacs comhréitigh lena gcumhdaítear an Treoir ina hiomláine. Rinneadh dul chun cinn maidir le roinnt saincheisteanna conspóideacha, amhail raon feidhme, critéir na substainte íosta, iarmhairtí cánach agus deimhniú cónaitheachta chun críoch cánach. Chuir an Mheitheal Ardleibhéil[11] treoir ar fáil maidir le tuilleadh oibre a dhéanamh ar na saincheisteanna sin agus ar shaincheisteanna eile atá fós gan réiteach. Beidh gá le tuilleadh plé chun teacht ar chomhréitigh maidir le saincheisteanna atá fós gan réiteach, agus é mar chuspóir coiteann freisin teorainn a chur leis na hualaí riaracháin do cháiníocóirí agus do riaracháin chánach araon. Leag na toscaireachtaí béim ar na hidirnaisc idir codanna éagsúla den Treoir chasta seo, rud a chiallaíonn go bhféadfadh béim a roghnaítear i gcuid amháin den Treoir tionchar a imirt ar an réiteach i gcodanna eile.

## 2) Cánachas Indíreach

### a) *CBL sa Ré Dhigiteach*

12. An 8 Nollaig 2022, d'eisigh an Coimisiún a phacáiste 'Rialacha CBL don ré dhigiteach', ina raibh trí thogra:

− togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach[12];

− togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann leis na socruithe comhair riaracháin CBL is gá don ré dhigiteach[13]; agus

− togra le haghaidh Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 a mhéid a bhaineann le ceanglais faisnéise le haghaidh scéimeanna CBL áirithe[14].

[11] WK 4309/2023.
[12] 15841/22.
[13] 15842/22.
[14] 15843/22.

13. Tá trí chuspóir ag an bpacáiste. Ar an gcéad dul síos, tugann sé faoi na hoibleagáidí tuairiscithe CBL a nuachóiriú trí cheanglais um thuairisciú digiteach a thabhairt isteach bunaithe ar ríomhshonrascadh. Ar an dara dul síos, tá sé beartaithe aige aghaidh a thabhairt ar dhúshláin gheilleagar na n-ardán trí na rialacha CBL is infheidhme a thabhairt cothrom le dáta. Agus ar an tríú dul síos, féachann sé le haghaidh a thabhairt ar an ualach riaracháin trí bhogadh i dtreo clárú aonair CBL.

14. Chuir an Coimisiún a phacáiste i láthair ag cruinniú de Mheitheal faoi Uachtaránacht na Seicia, agus chuir Uachtaránacht na Sualainne tús lena cuid oibre ar an bpacáiste, a mheas sí a bheith ina thosaíocht, trí dhá chruinniú a thionól chun malartú leathan tuairimí a dhéanamh maidir leis na haidhmeanna agus na treoracha a mhol an Coimisiún chun an plé teicniúil breise maidir leis an bpacáiste a threorú.

15. D’eagraigh an Uachtaránacht ceithre chruinniú eile maidir leis an bpacáiste chun an tuiscint ar choincheapa, ar struchtúr agus ar fheidhmiú na rialacha nua atá beartaithe a dhoimhniú, agus chun anailís a dhéanamh ar théacs dlíthiúil na bhforálacha leasaitheacha chun éifeacht a thabhairt do na rialacha nua.

16. Tar éis na hanailíse sin, thíolaic an Uachtaránacht téacsanna comhréitigh maidir le gach ceann de na trí ghné de na tograí, ar dhíol sásaimh do na toscaireachtaí iad mar bhonn láidir d’obair bhreise.

17. [Chun an obair bhreise ar an gcomhad seo a stiúradh, bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle an 16 Meitheamh 2023 maidir leis na tograí, a d’ullmhaigh an Mheitheal Ardleibhéil an 1 Meitheamh 2023.]

*b) Athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh*

18. An 14 Iúil 2021, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Aontais le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (athmhúnlú)[15], (‘togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh’).

19. Is cuid den phacáiste ‘Oiriúnach do 55’ é an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh[16], arb é is aidhm dó spriocanna uaillmhianacha an Aontais a chur chun feidhme, is é sin laghdú 55 % ar a laghad a dhéanamh ar astaíochtaí faoi 2030 le hais leibhéil 1990 agus an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Is éard atá sa phacáiste sraith de thograí idirnasctha, ar tograí iad uile a spreagann an sprioc chéanna; aistriú cóir, iomaíoch agus glas a áirithiú faoi 2030 agus ina dhiaidh sin.

[15] 10872/21.
[16] 10849/21.

20. Tá sé d'aidhm ag an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

a) creat oiriúnaithe a sholáthar a rannchuidíonn le spriocanna 2030 an Aontais agus leis an aeráidneodracht faoi 2050 i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Is éard a bheadh i gceist leis sin an cánachas ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas a ailíniú le beartais fuinnimh, chomhshaoil agus aeráide an Aontais, rud a chuirfeadh le hiarrachtaí laghdaithe astaíochtaí an Aontais;

b) creat a chur ar fáil lena gcaomhnaítear agus lena bhfeabhsaítear margadh inmheánach an Aontais trí raon feidhme na dtáirgí fuinnimh agus struchtúr na rátaí a thabhairt cothrom le dáta agus trí chuíchóiriú a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann na Ballstáit as díolúintí agus laghduithe cánach; agus

c) an acmhainneacht ioncam a ghiniúint do bhuiséid na mBallstát a chaomhnú.

21. An 17 Meitheamh 2022, thug an Chomhairle (Ecofin) dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht i ndáil leis an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh[17]. An 6 Nollaig 2022, bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle (Ecofin) faoin togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh agus thug sí treoir pholaitiúil maidir leis an mbealach chun cinn[18]. Tríd is tríd, thacaigh na hAirí le cur chuige na hUachtaránachta, a bhí níos solúbtha, agus d'iarr siad go dtiocfaí ar réitigh ar shaincheisteanna oscailte.

22. Ag tógáil ar an dul chun cinn a rinne na hUachtaránachtaí roimhe seo, lean Uachtaránacht na Sualainne den obair ar an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh a pléadh sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach an 2 Feabhra, an 27 Márta agus an 11 Bealtaine 2023. Thíolaic an Uachtaránacht téacsanna comhréitigh agus nótaí cúlra maidir le hábhair shonracha. Rinneadh anailís ar na saincheisteanna a bhí fós gan réiteach, lena n-áirítear maidir le cáin a ghearradh ar na hearnálacha eitlíochta agus muirí, lena n-áirítear iascach, chomh maith le leictreachas. Ina theannta sin, sheol an Uachtaránacht plé maidir leis na híosleibhéil nua chánachais ar bhreoslaí le haghaidh úsáidí éagsúla agus leictreachas.

23. D'éirigh leis an Uachtaránacht tuairimí a thabhairt le chéile agus teacht ar chomhréitigh. Thacaigh na toscaireachtaí le roinnt athruithe a pléadh, ach ní raibh roinnt toscaireachtaí fós in ann tacú leis an téacs ón Uachtaránacht nó bhí forchoimeádais ghrinnscrúdaithe acu. Dá bhrí sin, tá gá le tuilleadh oibre chun teacht ar chomhréiteach cothrom maidir leis na saincheisteanna atá fós gan réiteach lena gcuirtear san áireamh ábhair imní na mBallstát ábhartha.

---

**17** 9874/22.
**18** 14736/22.

## 3) An comhar riaracháin i réimse an chánachais

*a) Treoir lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais (DAC 8)*

24. Aithníonn an Chomhairle, sna Conclúidí uaidh an 27 Samhain 2020 ‘maidir le cánachas cothrom agus éifeachtach i dtráth an téarnaimh, dúshláin chánach a ghabhann leis an digiteáil agus dea-rialachas cánach san Aontas agus níos faide i gcéin’ go bhféadfadh sé a bheith mar thoradh ar an bhforbairt ghasta agus ar úsáid mhéadaitheach modhanna malartacha íocaíochta agus infheistíochta ar fud an domhain – mar shampla, criptea-shócmhainní agus ríomh-airgead – go mbainfí an bonn den dul chun cinn a rinneadh le blianta beaga anuas maidir le trédhearcacht cánach, agus go mbeadh rioscaí suntasacha ann go ndéanfaí calaois chánach, imghabháil cánach agus seachaint chánach; agus go raibh sé tábhachtach plé a dhéanamh ar an leibhéal teicniúil ar conas na rialacha maidir le comhar riaracháin laistigh den Aontas agus ar an leibhéal domhanda a thabhairt cothrom le dáta chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí seo a d’fhéadfadh a bheith ann. [19]

25. An 7 Nollaig 2021, chuir an Chomhairle in iúl sa tuarascáil chuig an gComhairle Eorpach maidir le saincheisteanna cánach go raibh sí ag dréim go ndéanfadh an Coimisiún, in 2022, togra reachtach a chur síos maidir le hathbhreithniú breise a dhéanamh ar Threoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais (DAC)[20] i ndáil le malartú faisnéise faoi chriptea-shócmhainní agus rialuithe cánach do dhaoine saibhre[21].

26. Thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais (DAC 8) an 8 Nollaig 2022[22].

---

**19** 13350/20, pointe 36.
**20** Treoir 2011/16/AE ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais agus lena n-aisghairtear Treoir 77/799/CEE (IO L 64, 11.3.2011, lch. 1).
**21** 14767/21, pointe 59.
**22** 15829/22 + ADD1 – ADD5.

27. Is iad seo a leanas na príomhchuspóirí atá i gceist leis an togra reachtach seo:

(a) raon feidhme an uathmhalartaithe faisnéise faoi DAC a leathnú chun go gcuimseofar faisnéis a bheidh ar sholáthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní a thuairisciú maidir le hidirbhearta (aistriú nó malartú) criptea-shócmhainní agus ríomh-airgid. Is é is aidhm don chomhar riaracháin a leathnú chun go gcuimseofar an réimse nua sin ná cabhrú leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le digiteáil an gheilleagair. Léireoidh forálacha DAC 8 i ndáil le nósanna imeachta maidir le dícheall cuí, ceanglais tuairiscithe agus rialacha eile is infheidhme maidir le soláthraithe seirbhísí criptea-shócmhainní a bhíonn i mbun tuairisciú forálacha an Chreata Tuairiscithe Criptea-Shócmhainne ('CARF') agus tacar leasuithe ar an gComhchaighdeán Tuairiscithe ('CRS') a d'ullmhaigh ECFE faoi shainordú G20[23]. Is é G20 a d'fhormhuinigh CARF agus na leasuithe ar CRS, ar croíchodanna breise iad, dar leis, de na caighdeáin dhomhanda maidir le malartú uathoibríoch faisnéise[24].

(b) raon feidhme na rialacha reatha maidir le malartú faisnéise atá ábhartha ó thaobh cánach de a leathnú trí fhorálacha a chur san áireamh maidir le malartú réamhrialuithe trasteorann a bhaineann le daoine aonair a bhfuil glanfhiúchas ard acu, chomh maith le forálacha maidir le malartú uathoibríoch faisnéise faoi dhíbhinní neamhchoinneála agus ioncaim chomhchosúla, chun na rioscaí a bhaineann le himghabháil cánach, seachaint cánach agus calaois chánach a laghdú, ós rud é nach gcumhdaítear an cineál sin ioncaim sna forálacha DAC atá ann faoi láthair;

(c) roinnt forálacha eile de chuid DAC atá ann cheana a leasú. Go háirithe, sa togra féachtar le feabhas a chur ar na rialacha maidir leis an Uimhir Aitheantais Chánach (TIN) a thuairisciú agus a chur in iúl, chun gur féidir cúram na n-údarás cánach a éascú maidir leis na cáiníocóirí ábhartha a shainaithint agus measúnú ceart a dhéanamh ar na cánacha gaolmhara, agus chun gur féidir forálacha DAC a leasú a bhaineann le pionóis atá le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit maidir le daoine nár chomhlíon an reachtaíocht náisiúnta maidir le ceanglais tuairiscithe arna nglacadh de bhun DAC.

---

[23] https://www.oecd.org/tax/exchange-of-tax-information/crypto-asset-reporting-framework-and-amendments-to-the-common-reporting-standard.pdf

[24] Dearbhú Cheannairí G20 Bali an 15-16 Samhain 2022, pointe 31. (https://www.g20.org/content/dam/gtwenty/gtwenty_new/about_g20/previous-summit-documents/2022-bali/G20%20Bali%20Leaders%27%20Declaration,%2015-16%20November%202022.pdf)

28. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa tuairim uaidh maidir leis an togra reachtach seo an 22 Márta 2023[25]. Eisíodh tuairim ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí an 3 Aibreán 2023[26]. Tá tuairim Pharlaimint na hEorpa ar feitheamh.

29. Mar a fógraíodh ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal Ardleibhéil an 31 Eanáir 2023, thug Uachtaránacht na Sualainne tús áite don obair ar an gcomhad sin agus d'iarr sí ar na Ballstáit an obair ullmhúcháin is gá a thabhairt chun críche in am don chruinniú a bheidh ag an gComhairle (Ecofin) i mí na Bealtaine 2023. Bhí naoi gcruinniú ag WPTQ (an 9 agus an 26 Eanáir, an 22 agus an 23 Feabhra, an 15 agus an 30 Márta, an 3 agus an 19 Aibreán 2023, chomh maith leis an gcruinniú a bhí ag an Meitheal Ardleibhéil an 25 Aibreán).

30. Ag an gcruinniú a bhí aici an 16 Bealtaine, tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir le téacs na dréacht-treorach[27], d'fhonn an Treoir a ghlacadh, faoi réir tuairim ó Pharlaimint na hEorpa a fháil agus faoi réir athbhreithniú dlítheangeolaíoch.

*b)* *<u>Malartú uathoibríoch faisnéise a bhaineann le cáin le dlínsí nach dlínsí de chuid an Aontais iad</u>*

31. Le linn uachtaránacht na Sualainne leanadh leis an bplé agus an obair theicniúil maidir le staid na himeartha, rioscaí agus deiseanna i réimse an mhalartaithe faisnéise cánach le dlínsí nach dlínsí de chuid an Aontais iad, inar cumhdaíodh go háirithe gnéithe a bhaineann leis an gcreat um chosaint sonraí pearsanta agus an bhaint atá aige sin leis an obair maidir le comhar idirnáisiúnta riaracháin.

32. Leanfar leis an obair sin agus cuirfidh sí leis an bplé a rinneadh ar na hábhair sin le linn na dtéarmaí uachtaránachta roimhe seo[28]. Is é is aidhm leis an obair sin feidhmiú leanúnach an chórais malartaithe idirnáisiúnta faisnéise le dlínsí nach dlínsí de chuid an Aontais iad a áirithiú, rud atá riachtanach ar chúiseanna tábhachtacha a bhaineann le leas an phobail.

---

[25] 8088/23.
[26] 8283/23.
[27] 8730/23.
[28] Féach 15506/22, pointí 46 go 48; 9970/21, pointí 81 - 82 ; 14651/21, pointí 50 - 59.

*c)* *Comhar riaracháin le tíortha eile nach tíortha den Aontas Eorpach iad i réimse CBL*

33. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal Ardleibhéil, an 1 Meitheamh 2023, chuir an Coimisiún na toscaireachtaí ar an eolas maidir leis na saincheisteanna seo a leanas:

a) an obair leanúnach i bhfianaise an tríú cruinniú a bheidh ag an gCoiste Speisialaithe um Chomhar Riaracháin i CBL agus gnóthú cánach faoin gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe;

b) Staid na himeartha maidir leis an gcaibidlíocht (ar bhonn an údaraithe agus na dtreoracha caibidlíochta arna nglacadh ag an gComhairle)[29] le húdaráis na hIorua chun an comhaontú maidir le comhar riaracháin, comhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha a leasú;

c) staid na himeartha maidir leis na teagmhálacha turgnamhacha le húdaráis na hAstráile, Cheanada, na Seapáine agus na Nua-Shéalainne, maidir le deiseanna chun tuilleadh oibre a dhéanamh i dtreo comhair riaracháin i réimse CBL;

d) caibidlíocht le húdaráis Dhaon-Phoblacht na Síne, ag féachaint do Mheabhrán Comhthuisceana neamhcheangailteach a thabhairt chun críche (creat comhoibrithe riaracháin a d’fhéadfadh a bheith ann amach anseo idir an tAontas agus Daon-Phoblacht na Síne i réimse CBL)[30]. Thug an Coimisiún le fios go bhfuil an chaibidlíocht sin ar feitheamh faoi láthair.

---

**29** Cinneadh (AE) 2022/1311 ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Ríocht na hIorua chun leasú a dhéanamh ar an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na hIorua maidir le comhar riaracháin, comhrac na calaoise agus aisghabháil éileamh i réimse na cánach breisluacha (IO L 198, 27.7.2022, lch. 14) agus 9643/22.

**30** An 10 Márta 2021, d’fhormheas an Chomhairle, le roinnt barúlacha (CM 1978/21 LIMITE, le tuilleadh sonraí a leagtar amach in ST 6351/21 LIMITE) go rachadh an Coimisiún i mbun caibidlíochta le húdaráis Dhaon-Phoblacht na Síne, i bhfianaise Meamram Tuisceana neamhcheangailteach a thabhairt chun críche.

34. Meabhraítear, maidir le hionstraimí neamhcheangailteacha a chaibidil agus a thabhairt i gcrích faoi dhlí an Aontais (amhail an Meabhrán Tuisceana thuasluaite), agus i gcomhréir le ceanglais an Chonartha ar an Aontas Eorpach (Airteagal 16(1) CAE go háirithe), go bhfuil sé de shaincheart ag an gComhairle i gcónaí beartais a cheapadh. Dá bhrí sin is faoin gComhairle atá sé measúnú a dhéanamh an chun leas an Aontais é dul i mbun plé den sórt sin (caibidlíocht) maidir le hionstraim neamhcheangailteach fhéideartha. Thairis sin, tar éis bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gcás C-660/13 (MoU na hEilvéise), chomhaontaigh Ard-Rúnaithe na Comhairle, an Choimisiúin agus na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí, in 2017, maidir leis na Socruithe le haghaidh ionstraimí neamhcheangailteacha[31]. Tá feidhm ag na Socruithe sin maidir leis na hionstraimí neamhcheangailteacha uile is cuma cén réimse beartais agus cé a dhéanann ionadaíocht ar an Aontas sa chaibidlíocht leis an tríú páirtí nó na tríú páirtithe agus gan beann ar a n-ainmníocht nó ar a bhfoirm. Tuigtear go leanfaidh an Coimisiún de na Ballstáit a thabhairt cothrom le dáta go rialta maidir leis an dul chun cinn sa chaibidlíocht sin (lena n-áirítear maidir le teagmhálacha breise le tíortha nach tíortha den Aontas iad sa réimse seo), agus go bhfillfidh sé ar an gComhairle ag deireadh na caibidlíochta chun údarú na Comhairle a lorg, i gcomhréir le dlí an Aontais, maidir le síniú na hionstraime neamhcheangailteacha thar ceann an Aontais.

*d)* *<u>Rialachán maidir le comhar riaracháin i réimse na ndleachtanna máil</u>*

35. Le Rialachán (AE) Uimh. 389/2012[32] ón gComhairle, leagtar síos an bunús dlí le haghaidh comhar riaracháin idir na Ballstáit i réimse na ndleachtanna máil. I gcomhthéacs an chomhair riaracháin, malartaíonn na Ballstáit faoi láthair sonraí oibreoirí eacnamaíocha a áirítear i gcláir náisiúnta trí chóras ríomhairithe a bhfuil clár lárnach arna oibriú ag an gCoimisiún a úsáid, ach maidir leis na hoibreoirí eacnamaíocha a aistríonn earraí faoi 'fionraí dleachta' agus maidir leis na hoibreoirí sin amháin.

[31] 15367/17.
[32] Rialachán (AE) Uimh. 389/2012 ón gComhairle an 2 Bealtaine 2012 maidir le comhar riaracháin i réimse na ndleachtanna máil agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2073/2004 (IO L 121, 8.5.2012, lch. 1).

36. Faoi Chaibidil V de Threoir 2020/262 ón gComhairle[33], ón 13 Feabhra 2023 i leith, is é an córas ríomhairithe sin freisin atáthar le húsáid le haghaidh gluaiseachtaí 'dleacht íoctha'. Chun an nós imeachta maidir le sonraí oibreoirí eacnamaíocha a ghluaiseann earraí faoi 'dleacht íoctha' a ailíniú leis an nós imeachta le haghaidh earraí faoi 'fionraí dleachta', an 24 Deireadh Fómhair 2022[34] thíolaic an Coimisiún togra chun an Rialachán maidir le comhar riaracháin i réimse na ndleachtanna máil ó 2012 a leasú.

37. Tar éis teacht ar chomhaontú ar leibhéal na meithle, agus an comhairliúchán le Parlaimint na hEorpa agus le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thabhairt chun críche, ghlac an Chomhairle, faoi Uachtaránacht na Sualainne, na leasuithe atá beartaithe an 30 Eanáir 2023[35].

*e) Clár Fiscalis don chomhar i réimse an chánachais*

38. Is é is aidhm don chlár Fiscalis tacú le húdaráis chánach feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, iomaíochas a chothú, calaois chánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach a chomhrac agus bailiú cánach a fheabhsú. I mí Aibreáin 2023, chuir an Coimisiún an Mheitheal Ardleibhéil ar an eolas faoi thorthaí na caibidlíochta a rinne an Coimisiún chun comhaontuithe a thabhairt i gcrích maidir le rannpháirtíocht na hAlbáine, na Boisnia agus na Heirseagaivéine, na Seoirsia, na Cosaive*, na Moldóive, Mhontainéagró, na Macadóine Thuaidh, na Seirbia, na Tuirce agus na hÚcráine sa chlár Fiscalis. I mí an Mheithimh 2023, chuir an Coimisiún an Mheitheal Ardleibhéil ar an eolas faoin Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn 2022 maidir le Clár Fiscalis[36].

* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

---

**33** Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 lena leagtar síos na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil (IO L 58, 27.2.2020, lch. 4).
**34** 13979/22.
**35** Rialachán (AE) 2023/246 ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 389/2012 a mhéid a bhaineann le malartú faisnéise a choimeádtar sna cláir leictreonacha a bhaineann le hoibreoirí eacnamaíocha a aistríonn earraí máil idir na Ballstáit chun críocha tráchtála (IO L 34, 6.2.2023, lch. 1-3).
**36** 8228/23.

## C. COMHORDÚ NA mBEARTAS CÁNACH (gníomhaíochtaí neamhreachtacha)

Tugadh chun cinn obair thábhachtach i réimse chomhordú na mbeartas cánach (lasmuigh de raon feidhme reachtaíocht an Aontais i réimse na cánach), mar a leagtar amach thíos.

### 1) An Mheitheal um an gCód Iompair (cánachas gnó)

39. Tháinig an Mheitheal um an gCód Iompair le chéile an 1 Feabhra, an 26 Aibreán agus an 2 Meitheamh 2023; tionóladh an foghrúpa maidir le saincheisteanna inmheánacha/seachtracha an 12 agus an 24 Eanáir, an 3 agus an 29 Márta agus an 25 Bealtaine 2023.

40. An 1 Feabhra, thogh an Mheitheal um an gCód Iompair Cathaoirleach nua, María José Garde Garde, ar feadh tréimhse 2 bhliain chun teacht i gcomharbas ar Lyudmila Petkova.

41. D’fhormheas an Chomhairle an t-athbhreithniú leathbhliantúil ar liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críocha cánach an 14 Feabhra 2023, agus foilsíodh é san Iris Oifigiúil ar an 21 Feabhra 2023[37].

42. Is féidir teacht ar thuarascáil níos fairsinge sa tuarascáil tiomnaithe leathbhliantúil ón Meitheal um an gCód Iompair[38].

### 2) Rún ó na Náisiúin Aontaithe maidir le comhar idirnáisiúnta cuimsitheach éifeachtach a chur chun cinn i gcúrsaí cánach ag na Náisiúin Aontaithe

43. An 30 Nollaig 2022, ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, go foirmiúil, Rún maidir le comhar idirnáisiúnta cuimsitheach éifeachtach a chur chun cinn i gcúrsaí cánach (Rún 77/244). Leis an rún sin, d’iarr Comhaltaí na Náisiún Aontaithe ar Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe tuarascáil a ullmhú (a phléifidh an Comhthionól Ginearálta ag an 78ú seisiún a bheidh aige i mí Mheán Fómhair 2023) chun anailís a dhéanamh ar na hionstraimí dlí idirnáisiúnta ábhartha uile, ar dhoiciméid eile agus ar mholtaí eile lena dtugtar aghaidh ar chomhar idirnáisiúnta cánach, agus na socruithe idirnáisiúnta agus iltaobhacha atá ann cheana á gcur san áireamh go hiomlán. Chuige sin, sheol an tArd-Rúnaí comhairliúchán i mí Feabhra 2023.

---

37 IO C 64, 21.2.2023, lch. 17.
38 9875/23.

44. An 8 Márta 2023, thacaigh na Comhairleoirí/Ataiséanna Fioscacha leis go gcuirfeadh an tAontas páipéar isteach. Tar éis an tacaíocht sin a fháil, scaip agus d'fhormheas an Mheitheal Ardleibhéil dréachtpháipéar trí nós imeachta neamhfhoirmiúil an tosta an 15 Márta 2023. Shínigh Cathaoirleach na Meithle Ardleibhéil an dréachtpháipéar ina dhiaidh sin agus chuir toscaireachtaí an Aontais agus na Sualainne go comhpháirteach faoi bhráid Rúnaíocht na Náisiún Aontaithe é[39].

45. Le linn an phlé a rinneadh ag an Meitheal Ardleibhéil an 25 Aibreán 2023, chuir na toscaireachtaí in iúl go dtacaíonn siad leis an gcomhordú atá á dhéanamh, mar is ábhartha, ar sheasaimh maidir le comhar idirnáisiúnta cánach ag Ballstáit an Aontais agus a bheidh le cur faoi bhráid fóraim de chuid na Náisiún Aontaithe, ach dúbailt na hoibre a bheith á seachaint ag an am céanna. Leanfaidh an Mheitheal Ardleibhéil den fhormhaoirseacht ar a bhfuil ag tarlú. Bunaithe ar an bplé a rinne sí, tá sé beartaithe ag an Meitheal Ardleibhéil an nós imeachta a éascú chun comhordú den sórt sin a chumasú agus chun an t-ábhar a chomhaontú nuair is féidir.

## 3) <u>Fogha na Rúise faoin Úcráin</u>

46. I bhfianaise fhogha na Rúise faoin Úcráin le rannpháirtíocht na Bealarúise, rinne Meitheal na Comhairle um Cheisteanna Cánach scrúdú ar roinnt beart a d'fhéadfadh na Ballstáit a shaothrú chun tacú le bearta sriantacha an Aontais a chur chun feidhme agus a n-imchéimniú a chosc trí ionstraimí comhair chánach.

47. Ar an gcéad dul síos, d'aontaigh na Ballstáit go mba ghá deireadh a chur le gach malartú faisnéise chun críoch cánach le Cónaidhm na Rúise agus leis an mBealarúis. Ar an dara dul síos, scrúdaigh na Ballstáit roinnt beart arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar úsáid an chomhair riaracháin agus ionstraimí eile i réimse na cánach i gcomhthéacs fhorfheidhmiú na mbeart sriantach.

48. Sa chomhthéacs sin, leanfaidh an Mheitheal um Cheisteanna Cánach lena faireachán ar a bhfuil ag tarlú maidir leis na bearta sin, lena n-áirítear an obair a dhéanfar laistigh den ardán sealadach a chruthaigh an Coimisiún an 3 Meitheamh 2022, i bhfoirm foghrúpa den Tascfhórsa reo agus coigistithe maidir le forfheidhmiú cánach.

49. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal Ardleibhéil an 1 Meitheamh 2023, thug na toscaireachtaí dá n-aire an nuashonrú a chuir an Coimisiún ar fáil maidir le hobair an fhoghrúpa sin.

---

**39** 7564/23.

**4) A bhfuil ag titim amach ar bhonn idirnáisiúnta**

50. Cuireadh an Mheitheal Ardleibhéil ar an eolas go rialta faoi fhorbairtí idirnáisiúnta ábhartha i réimse an bheartais cánach, go háirithe i ndáil le cruinnithe Airí Airgeadais G20 agus cruinnithe na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE)/G20 maidir le BEPS.

51. Cuireadh saincheisteanna a bhaineann leis an Acht um Chomhlíontacht Cánach Cuntas Eachtrach de chuid na Stát Aontaithe (FATCA) faoi bhráid na dtoscaireachtaí go rialta ag cruinnithe den Mheitheal Ardleibhéil. A mhéid a bhaineann le saincheist na '*accidental Americans*', mar a thugtar orthu, d'eisigh Seirbhís Ioncaim Inmheánach na Stát Aontaithe fógra, ag deireadh 2022, lena maolaítear go sealadach, na rialacha maidir le cinneadh a dhéanamh go bhfuil duine neamhchomhlíontach de dheasca TINanna a bheith ar iarraidh do na blianta 2022, 2023 agus 2024. I mí Eanáir 2023, cuireadh an maolú sin faoi bhráid na Meithle Ardleibhéil. I mí Aibreáin 2023, chuir comhaltaí na Meithle Ardleibhéil i bhfios go láidir go bhfuil gá le réiteach buan agus níos leithne chun cosc a chur ar bheith ag déileáil le hinstitiúidí airgeadais san Aontas mar institiúidí neamhchomhlíontacha mar gheall ar TINanna a bheith ar iarraidh i gcásanna nach féidir leis na hInstitiúidí Airgeadais sin TINanna a bhailiú.

**5) Cáin i réimsí neamhchánach (TINTA)**

52. An 19 Samhain 2013, chomhaontaigh an Mheitheal Ardleibhéil gur cheart forálacha cánach i gcomhaid neamhchánach as a dtagann aon athruithe ar dhlíthe cánach nó ar chleachtais riaracháin na mBallstát nó a mbeadh iarmhairtí eile acu ar chánachas teacht faoi 'sásra foláirimh neamhfhoirmiúil'. Tá an cur chuige córasach a bhaineann leis na cásanna sin a chur faoi bhráid na saineolaithe cánach, le tacaíocht ón Ardrúnaíocht, fós á áirithiú go dtugtar foláireamh do na Ballstáit go tráthúil, lena n-áirítear maidir le hidirbheartaíocht maidir le comhaontuithe idir an tAontas agus tríú tíortha. Áirítear ar na saincheisteanna a ndearna an Mheitheal Ardleibhéil faireachán orthu an pacáiste frithéillithe, leasú ar an Treoir maidir le bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha agus leasú ar an Treoir maidir le ceanglais chaipitil lena gcuirtear creat Basel III chun feidhme.

## 6) <u>Dréacht-Choinbhinsiún Iltaobhach maidir leis an gComhairle Idirnáisiúnta um Réiteach Díospóidí Cánach</u>

53. An 10 Márta 2023 chuir grúpa tionscadail Fiscalis dréacht-Choinbhinsiún Iltaobhach maidir leis an gComhairle Idirnáisiúnta um Réiteach Díospóidí Cánach i láthair, agus úsáid á baint as an bhféidearthacht go mbeadh Coimisiún um Réiteach Malartach Díospóidí ann de chineál buan a éascaítear in Airteagal 10 de Threoir (AE) 2017/1852 ón gComhairle maidir le sásraí réitigh díospóidí cánach. An 1 Meitheamh 2023, bhí malartú tuairimí ag an Meitheal Ardleibhéil maidir leis an mbealach chun cinn.